# Cumhdach Leanaí Institiúid

# Oideachais Marino - Measúnú Riosca

Trínár mBeartas um Chumhdach: Leanaí a fhorbairt ar aon dul le riachtanais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017), agus Cumhdach Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas de chuid Tüsla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), rinneamar measúnú ar aon phoitéinseal le haghaidh díobhála* do leanbh ar champas Institiúid Oideachais Marino (IOM) nó nuair a bheadh sé/sí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí le foireann IOM. Tá na réimsí riosca arna sainaithint liostaithe thíos mar aon le liosta de na nósanna imeachta le haghaidh na rioscaí sin a bhainistiú.

*Nóta - seo rioscaí a bhaineann le mí-úsáid de réir mar atá sainmhínithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus níl rioscaí maidir le sláinte agus sábháilteacht i gcoitinne i gceist leo.

| Riosca(í) atá sainaitheanta | An nós imeachta atá i bhfeidhm chun an riosca/na rioscaí atá sainaitheanta a bhainistiú |
|---|---|
| Leanaí lena n-oibríonn an fhoireann agus mic léinn i gcáil acadúil, tacaíochta nó dheonach (Cuir samplaí sainiúla isteach): | |
| Leanaí atá ina mic léinn chláraithe faoi aois 18 mbliana. | |
| Leanaí ar ábhair taighde acadúil iad; | |
| Leanaí a úsáideann saoráidí IOM;<br>Cuir samplaí sainiúla isteach: | |
| Leanaí lena n-oibríonn an fhoireann agus mic léinn i gcáil acadúil, tacaíochta nó dheonach;<br>Cuir samplaí sainiúla isteach: | |
| Leanaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna samhraidh nó ar chláir eile a eagraíonn IOM do leanaí;<br>Cuir samplaí sainiúla isteach: | |
| Leanaí a bhíonn ag freastail ar Laethanta Oscailte; | |
| Leanaí a bhíonn ina gcónaí i gcóiríocht IOM le linn na laethanta saoire; | |
| Leanaí ar shocrúcháin taithí oibre in IOM, e.g., mic léinn na hIdirbhliana; | |
| Leanaí ar chuairt chuig IOM ar chúis ar bith eile; Cuir samplaí sainiúla isteach: | |
| Leanaí i mbaol a bhfuil sin tugtha faoi deara ag baill phobal MIE, agus iad ag gníomhú ina gcáil mar fhostaithe, mar mhic léinn nó mar oibrithe deonacha IOM, e.g. siblíní mhic léinn IOM; | |
| Eile | |

Nósanna imeachta molta atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú:

- Ní mór do gach ball foirne a oibríonn le leanaí agus le daoine óga eolas a chur ar an mBeartas um Chumhdach: Leanaí
- Tá nósanna imeachta earcaíochta sábháilte i bhfeidhm agus faightear nochtadh grinnfhiosrúcháin maidir le baill nua na foirne.
- Cuirtear foireann nua ar an eolas faoi bheartais (go háirithe an Beartas um Chumhdach: Leanaí, nósanna imeachta an Bheartais Sláinte agus Sábháilteachta.
- Cuirtear oiliúint ar bhaill uile na foirne maidir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 trí chlár ar líne Túsla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach).
- Cuirtear baill foirne nua agus mic léinn nua ar an eolas maidir leis an Teagmhálaí Ainmnithe agus an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe.
- Ba cheart do chonraitheoirí/chuairteoirí uile iad féin a chur i láthair ag an bhfáiltiú áit a mbuailfear leo agus a ndéanfar a gcuid gnó a dhearbhú.
- Cuireadh an Beartas um Chumhdach: Leanaí ar fáil don fhoireann uile agus cuireadh oiliúint iomchuí orthu.
- Cuireadh an fhoireann uile ar an eolas maidir le Tuairisciú Éigeantach.
- Tá Beartas Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag IOM maidir le húsáid Ríomhairí uile, an Idirlín agus na Meán Sóisialta.
- Iarrtar teistiméireachtaí mionsonraithe agus ceapacháin á ndéanamh.
- Tá próiseas earcaíochta dian ag IOM.
- Ní foláir nó go ndéantar taighde a bhaineann le leanaí a fhaomhadh ag MERC roimh thosú na hoibre.
- Cultúr oscailteachta agus measa a chur chun cinn ina mbeidh mic léinn in ann teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann chun imní agus buarthaí a phlé.
- Ní mór do chomhlachtaí seachtracha a úsáideann na háitribh cóip dá ráiteas féin um chumhdach a sholáthar nó litir um chomhaontú a shíniú go gcloífidh siad le Beartas um Chumhdach IOM.
- Roimh dóibh dul ar shocrúcháin faigheann mic léinn ionchur maidir le Cosaint Leanaí, RGCS agus buarthaí a thuairisciú.
- Roimh dóibh dul ar shocrúcháin ní foláir nó go bhfuil próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána in IOM críochnaithe ag mic léinn
- Maidir le ball foirne atá ag obair le leanaí déanfaidh sé/sí sin i dtimpeallacht oscailte.